M.48T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2002

# EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

## ARDLEIBHÉAL

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.45**

(400 marc)

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **dhá cheist** a roghnú as **gach** Roinn ar leith; an cheist eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **dhá** cheist a roghnú as **gach** Roinn ar leith; an cheist eile ar rogha an iarrthóra.

---

## ROINN I – EOLAÍOCH

**1.** Vitiminí tábhachtacha sa ghrúpa B iad Tiaimín, Pireadocsaín agus Ribeaflaivin.
Tabhair mionchuntas ar **gach** vitimín díobh **faoi gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas: **(i)** airíonna; **(ii)** feidhmeanna bitheolaíocha; **(iii)** príomhfhoinsí san aiste bia; **(iv)** éifeachtaí díothachta.
Scríobh nóta ar an tábhacht a bhaineann le dóthain den aigéad fólach a bheith san aiste bia.

**2.** Pléigh luach cothaitheach agus luach diaitéiteach gránach.
Breacrianaigh na hathruithe a thagann ar ghránaigh le linn cócarála.
Tabhair cuntas ar na céimeanna a bhíonn i gceist agus: **(i)** plúr bán á mheilt **nó** **(ii)** margairín á dhéanamh.
Ag baint úsáide as do rogha cineál taosráin, tabhair treoracha maidir le mias milseoige a bheadh oiriúnach do bhuifé a ullmhú, a chócaráil agus a riar. (Bíodh treoracha iomlána chun an taosrán a dhéanamh san áireamh agat).

**3.** Ag baint úsáide as léaráid lipéadaithe le do fhreagra a leíriú, taispeáin suíomh na bhfaireog inchríneach sa chorp.
Tabhair sonraí maidir le **(a)** an fhaireog thíoróideach, **(b)** na faireoga paraitíoróideacha, agus **(c)** insíní Langerhans faoi na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** an hormón a tháltar;
**(ii)** feidhm gach hormóin faoi seach;
**(iii)** iarmhairtí na dtál mínormalach.
Mínigh an ról atá ag **gach ceann ar leith** díobh seo a leanas: **(a)** hormón falacailspreagthach (FSH) agus **(b)** ocsatóicin.

**4.** Tabhair roinnt treoirlínte faoi **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas a láimhseáil san aiste bia: **(i)** riocht céiliach; **(ii)** anaemacht; **(iii)** brú fola ard.
Déan sraith clár bia do **lá amháin** a phleanáil do dhéagóir a bhfuil anaemacht air/uirthi.
Tabhair treoracha maidir leis an bpríomhchúrsa sa phríomhbhéile a ullmhú, a chócaráil agus a riar.
Luaigh cén fáth a mbaintear úsáid as breiseáin chothaitheacha i monarú bia. Luaigh **trí** shampla dá n-úsáid.

## ROINN 11 – SÓISIALTA

**5.** Fadhbanna sóisialta iad coiriúlacht agus ciontóireacht atá ag leathnú i sochaí na hÉireann.
Déan anailís ar na tosca a chuireann leis an bhfadhb shóisialta seo.
Pléigh na héifeachtaí atá ag coiriúlacht agus ag ciontóireacht ar **(i)** an duine aonair **(ii)** an teaghlach agus **(iii)** an t-sochaí.
Tabhair mionchuntas ar **(a)** scéim an Oifigigh Idirchaidrimh Ógánach **agus** **(b)** an tSeirbhís Phromhaidh.

**6.** Chuidigh reachtáiocht go mór le sábháilteacht an ionad oibre nua-aimseartha a fheabhsú agus dheimhnigh sí nach mbíonn ar an lucht oibre dúshaothrú a fhulaingt.
Luaigh **dhá** shampla de reachtaíocht a bhaineann le fostaíocht agus luaigh cén chaoi a gcuireann **gach sampla acu** faoi seach le cothromas a dheimhniú d’oibrithe.
Tabhair cuntas ar **gach ceann** díobh seo a leanas:
- **(i)** na fáthanna a bhíonn ag daoine le hobair a dhéanamh;
- **(ii)** na tosca a théann i bhfeidhm ar ár meon i dtaobh na hoibre;
- **(iii)** na héilimh a dtéann teaghlaigh le dhá ghairm i ngleic leo.

**7.** Tabhair cuntas gairid ar an réimse roghanna tithíochta atá ar fáil i gceantair tuaithe agus i gceantair cathrach. Déan achoimre ar na tosca ba chóir a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh chun teach a cheannach.
Breacrianaigh an nós imeachta ba chóir a leanúint agus teach á cheannach.
Tabhair míniú gonta ar **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas: **(i)** deontas an cheannaitheora chéad uaire; **(ii)** scéim an Bhanna Tí; **(iii)** An Bord Pleanála; **(iv)** formheas fodhlithe.

**8.** Tabhair mionchuntas ar an reoiteoir bia a mholfá don úsáid tí. Bíodh tagairt agat do:
- **(i)** cineál agus méid;
- **(ii)** comhdhéanamh agus gnéithe nua-aimseartha san áireamh;
- **(iii)** an prionsabal oibrithe;
- **(iv)** costais tosaigh agus costais reatha.

Scríobh nóta eolais ar lipéadú fuinnimh.

**9.** De bharr an réimse leathan roghanna coigiltis atá ar fáil do thomhaltóirí is deacair dóibh an cineál scéime coigiltis is fearr a roghnú.
Áirigh na tosca ba chóir a chur san áireamh agus scéim choigiltis á roghnú.
Tabhair sonraí maidir le **dhá** chineál éagsúla scéime coigiltis atá ar fáil do dhaoine óga atá ag saothrú tuarastail.
Déan **(a)** cártaí creidmheasa agus **(b)** fruilcheannach a mheas mar chineálacha creidmheasa.
Léirigh cén chaoi a ndéantar an tomhaltóir a chosaint tríd an Acht um Chreidmheas Tomhaltóirí 1995.